# Ar mhaith leat bheith id' Bhean / Fhear a' Tí?

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE

**Tá Coláistí Chorca Dhuibhne ag lorg teaghlaigh sa cheantar a bheadh sásta scoláirí Gaelainne a choimeád ina dtithe ar roinnt d'ár gcúrsaí.**

Ar mhaith leat cuid d'ár saibhreas teangan a roinnt le foghlaimeoirí óga?




Más í an Ghaelainn teanga an tí agus má tá cúpla seomra leaba le spáráil agat, b'fhéidir go mbeadh fonn ort tabhairt faoi!

Bíonn íocaíocht na mBan / bhFear ar fad tí **saor ó cháin**.



Teacht Isteach samplach:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6 × | 1 x cúrsa coicíse | = | €2,730 |
| 12 × | 1 x cúrsa coicíse | = | €5,460 |
| 16 × | 1 x cúrsaí coicíse | = | €7,280 |

Saor ó cháin

Íocaíochtaí don scoláire:

- Bíonn deontas €13 an scoláire in aghaidh na hoíche ó Roinn na Gaeltachta.
- Tugann Coláistí Chorca Dhuibhne €19.50 an scoláire in aghaidh na hoíche.
- *Bíonn íocaíocht i dtreo na haibhléise do chúrsaí chomh maith. T&Cs i bhfeidhm.*


**Iomlán €32.50 an scoláire in aghaidh na hoíche nó €455 an scoláire do chúrsa coicíse**


# Eolas Ginearálta

- Bíonn an teacht isteach a fhaigheann bean/fear an tí saor ó cháin.
- Bíonn Deontas Caipitil ar fáil (suas le **€8,000,** de réir coinníollacha áirithe) chun do thigh a chur in oiriúint.
- Bíonn cúrsaí á rith againn ó Mhí Eanáir go lár Mheán Fómhair.
- Ritear cúrsaí 14 lá thar 18 seachtaine ar fad i rith na bliana d'Ábhair Oidí (aois 18-21) agus do dhaltaí óga (aois 12-18).
- Is gá glacadh le scoláirí ar **3 chúrsa** ar a laghad i rith na bliana (iomlán de 6 seachtaine). Meitheamh an mhí is mó éilimh. Dá mhéid cúrsaí gur féidir leat glacadh leo, is ea is fearr é!
- Is gá bricfeast, lón pácáilte, dinnéar agus suipéar a chur ar fáil gach lá do na scoláirí. Bíonn riachtanaísí speisialta bídh ag roinnt scoláirí.
- Beidh na scoláirí imithe ón dtigh ag freastail ar ranganna óna 9rn go 5in Luan go hAoine (1in ar an Satharn) agus go dtí an gCéilí gach tráthnóna óna 7.30in-9.30in.
- Cuirfear bus ar fáil do na scoláirí chun freastal ar ranganna agus imeachtaí eile.
- Is gá 8.5m ciúbach an scoláire - spás sa tseomra leaba. Is féidir suas le seisear in aon tseomra amháin, ag brath ar thomhas an tseomra.
- Caithfidh an próiseas Grinnfhiosrúcháin a bheith comhlíonta ag gach Bean / Fear Tí.

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE





Ofrálann Coláistí Chorca Dhuibhne seirbhís saor in aisce chun measúnú innealtóireachta a dhéanamh ar do thigh chun féachaint ar na nithe a bheadh le déanamh agat chun do thigh a chur in oiriúnt agus chun féachaint ar an líon scoláirí a bheadh ceadaithe agat a thógaint. Tá Deontas Caipitil suas le €8,000 ar fáil chun an tigh a chur in oiriúint, de réir coinníollacha na Roinne

## Íosmhéid de 3 chúrsa a chomhlíonadh i rith na bliana

### Ábhair Oidí

| | |
|---|---|
| Eanáir | 06/01/25-20/01/25 |
| Bealtaine | 03/05/25-17/05/25 |
| Iúil | 29/06/25-13/07/25 & 13/07/25-27/07/25 |
| Lúnasa / MF | 16/08/25-30/08/25 |
| Meán Fómhair | 30/08/25-14/09/25 |

### Daltaí Óga

| | |
|---|---|
| Cúrsa D | 01/06/25-14/06/25 |
| Cúrsa E | 15/06/25-28/06/25 |
| Cúrsa F | 29/06/25-12/07/25 |
| Cúrsa G | 13/07/25-26/07/25 |
| Cúrsa H | 27/07/25-09/08/25 |

Tar chun cainte linn!



Tuilleadh Eolais: Páidí Ó Sé - 066-9156100; p.ose@cfcd.ie